*Rang 4 / Bliain 6 (P6)*

**Arachnaphobia**

Ní maith liom in aon chor
An damhán  mór alla
I mo sheomra beag leapa
Thuas ar an bhalla.

Nuair a chloiseann sé mé
Snámhann sé suas,
Ach nuair a fheicimse é
Rithim ar luas.

Níl áit i mo sheomra
Don bheirt againn araon
Caithfidh seisean imeacht
Nó imeoidh mé féin.

Ach is liomsa mo sheomra
Slán a dhamháin alla!
Cónaigh le do ghaolta
Thíos staighre sa halla.